



CAIDREAMH TRASATLANTACH: SAM AGUS CEANADA

Tá na luachanna céanna ag AE, na Stáit Aontaithe agus Ceanada maidir leis an daonlathas, cearta an duine, an smacht reachta agus an tsaoirse eacnamaíoch agus pholaitiúil, agus tá údair imní fhorluiteacha acu maidir le beartas eachtrach agus an tslándáil. Tá an dlúthchomhar agus an caidreamh straitéiseach leis na Stáit Aontaithe agus Ceanada ina thosaíocht fós ag AE.

CAIDREAMH GNÓTHAÍ EACHTRACHA AE-NA STÁT AONTAITHE

Tá an dlúthchomhar agus an caidreamh straitéiseach atá idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus na Stáit Aontaithe bunaithe ar stair choitinn agus ar thacar de luachanna daonlathacha atá acu i gcoitinne. Is nithe iad sin atá ríthábhachtach do shlándáil agus do rathúnas an dá chomhpháirtí araon. Oibríonn AE agus na Stáit Aontaithe i ndlúthchomhar le chéile i roinnt réimsí beartas eachtrach agus comhthéacsanna geografacha, amhail an fhrithsceimhlitheoireacht, an comhar slándála, an comhar fuinnimh, an Rúis, an Úcráin agus na Balcáin Thiar,

Leis an athrú rialtais a bheidh sna Stáit Aontaithe an 20 Eanáir 2021, beidh deis ann chun comhpháirtíocht thrasatlantach ar bhonn níos láidre a phlé agus a shainiú. Beidh sé sin bunriachtanach chun spreagadh a thabhairt arís don chomhar i bhfóraim iltaobhacha agus chun déileáil le gnóthaí eachtracha agus dúshláin slándála agus le géarchéimeanna atá ann faoi láthair, go háirithe an phaindéim dhomhanda, an cúlú eacnamaíoch, bacainní trádála, teacht chun cinn na Síne, an claochlú digiteach agus an méadú atá ag teacht ar an iomaíocht theicneolaíoch, mar aon le cosaint a dhéanamh ar an daonlathas agus ar chearta an duine.

AN CAIDREAMH POLAITIÚIL IDIR AE AGUS NA STÁIT AONTAITHE LAISTIGH DE PHRÓISEAS AN IDIRPHLÉ THRASATLANTAIGH REACTÓIRÍ (TLD)

Téann an caidreamh atá idir an Pharlaimint agus Comhdháil na Stát Aontaithe siar go 1972. Rinneadh an caidreamh a uasghrádú agus a bhuanú le bunú an Idirphlé Thrasatlantaigh Reactóirí (TLD). Déantar le TLD Feisirí de Pharlaimint na hEorpa agus comhaltaí de Theach na nIonadaithe sna Stáit Aontaithe a thabhairt le chéile ag cruinnithe idirpharlaiminteacha débhlantúla (IPManna) a ndéantar a suíomh a mhalartú idir na Stáit Aontaithe agus an Eoraip. Meastar ar dhá taobh an Atlantaigh gur fóram maith é le haghaidh comhar dearfach agus cuiditheach. Déanann na reactóirí a fhreastalaíonn ar na cruinnithe sin tuairimí a mhalartú maidir le saincheistanna polaitiúla ríthábhachtacha ar ábhair leasa fhrithpháirtigh iad, amhail trádáil agus an



comhar eacnamaíoch, an tslándáil agus cosaint nó cur isteach ar thoghcháin. Cé go mbíonn cóineasú ar thuairimí trasatlantacha i roinnt réimsí, rinne malartuithe na reachtóirí éagsúlachtaí a thabhairt chun solais chomh maith maidir le saincheisteanna polaitiúla ríthábhachtacha. Níor cheart beag is fiú a dhéanamh den idirphlé polaitiúil trasatlantach seo, go háirithe agus an chumhacht atá ag Comhdháil na Stát Aontaithe á cúl san áireamh, mar shampla, i dtaca le húdarú a thabhairt do na Stát Aontaithe idirghabháil a dhéanamh i ngéarchéimeanna domhanda agus le múnlú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na Stát Aontaithe in institiúidí rialála domhanda. Tionóladh an 83ú IPM in Washington DC i mí Feabhra 2019. Rinne an [Ráiteas Comhpháirteach](#) a eisíodh tar éis an chruinnithe sin, diongbháilteacht an dá thaobh chun comhar a fheabhsú in éadan dúshláin chomhchoiteanna a thabhairt chun suntais. Déanfar an chéad chruinniú IPM eile a sceidealú a luaithe agus a bheidh an staid sláinte dhomhanda oiriúnach ina chomhair. Rinne na Comhchathaoirligh ar an Idirphlé Trasatlantach Reachtóirí, in éineacht leis na Leas-Chathaoirligh ar Thoscaireacht na Parlaiminte maidir leis an gcaidreamh leis na Stáit Aontaithe, na Cathaoirligh ar na Coistí um Ghnóthaí Eachtracha agus um Thrádáil agus ar an Toscaireacht maidir leis an caidreamh le Daon-Phoblacht na Síne, [Ráiteas Comhpháirteach](#) a eisiúint i mí Lúnasa 2020, inar tugadh chun suntais ceithre phríomhchuspóir maidir leis an gcomhar trasatlantach: cabhrú leis an gceann is fearr a fháil ar an ngéarchéim sláinte thromchúiseach; téarnamh mear ón gcúlú eacnamaíoch; ceannaireacht thrasatlantach a léiriú ar an leibhéal idirnáisiúnta agus dul i mbun comhair i dtaca leis an tSín agus an Rúis.

CAIDREAMH EACNAMAÍOCH AE-NA STÁT AONTAITHE

Tar éis na caibidlíochta ar Chomhpháirtíocht Thrasatlantach Trádála agus Infheistíochta (TTIP) a fhionraí, an 14 Márta 2019, dhiúltaigh an Pharlaimint do dhréachtrún ag moladh go n-osclofaí pléití trádála idir AE agus na Stáit Aontaithe maidir le hearraí tionsclaíocha agus le measúnú comhréireachta araon, agus an 15 Aibreán 2019, ghlac an Chomhairle teoracha caibidlíochta chun deireadh a chur le taraifí tionsclaíocha agus measúnú comhréireachta. I gcomparáid lena réamhtheachtaithe, ghlac rialtas Trump cur chuige iomlán difriúil i leith chaidreamh trádála AE-na Stát Aontaithe. Tá tús áite tugtha aige do leasanna náisiúnta agus d'fhéach sé le heasnamh thrádála le tíortha eile a athchothromú, lena cuireadh brú ar chomhpháirtithe trí tharaifí arda a fhorchur ar tháirgí áirithe ar mhaithe lena thionscail féin a chosaint agus rochtain níos fearr a fháil ar an margadh i dtíortha comhpháirtíochta.

Rinne rialtas na Stát Aontaithe taraifí ar chruach agus ar alúmanam a fhorchur ar AE an 1 Meitheamh 2018, agus bhagair sé taraifí a fhorchur ar charranna. Ag an am céanna, tá droim láimhe tugtha ag na Stáit Aontaithe le cur chuige iltaobhach laistigh de chreat EDT. Cruthaíodh leis sin teannas i gcaidreamh trádála na Stát Aontaithe le AE agus le comhpháirtithe eile. Tá gearán déanta ag AE leis an EDT i gcoinne na dtaraifí a forchuireadh ar chruach agus ar alúmanam agus rinne AE taraifí dleachta díoltais a fhorchur ar tháirgí ó na Stát Aontaithe chun an trádáil ina hiomláine idir AE agus na Stáit Aontaithe a athchothromú. Mar sin féin, léirítear céim ionsar chomhar athnuaithe idir an dá thaobh le comhaontú (comhaontú na nglíomach) an [21 Lúnasa 2020](#) idir Ionadaí



Trádála na Stát Aontaithe agus Coimisinéir Trádála AE maidir le laghdú ar tharaifí. Rinne an Pharlaimint an comhaontú a fhorghníú an [26 Samhain](#).

Tá díospóid aerárthaí sibhialta Airbus/Boeing ag teannadh lena dheireadh anois. Tá AE agus na Stáit Aontaithe araon lochtach dar le Comhlacht um Réiteach Díospóidí EDT de bharr leanúint de fhóirdheontais áirithe neamhdhleathacha a sholáthar dá monaróirí aerárthaí. An 2 Deireadh Fómhair 2019, thug an EDT cead do na Stáit Aontaithe taraifí dleachta díoltais dar luach USD 7.5 billiún (EUR 6.8 milliún) a thobhach ar onnmhairithe AE. An [13 Deireadh Fómhair 2020](#), i gcás comhthreomhar Boeing, bhronn EDT an cead ar AE taraifí dar luach USD 4 (EUR 3.6) bhilliún a fhorchur ar allmhairí ó na Stáit Aontaithe. An 9 Samhain 2020, d'fhorchuir AE taraifí nua ar tháirgí alcóil, aerárthaí, cáiseanna, bia mara agus ar earraí eile ó na Stáit Aontaithe mar chuid den fhrithbheartaíocht faoi údarú EDT.

Tá sé curtha in iúl go leanúnach do na Stáit Aontaithe ag an gCoimisiún Eorpach go bhfuil AE réidh chun dul i gcomhar ar mhaithe le réiteach cothrom agus cóir a fháil do thionscal na n-aerárthaí. Dar le AE, ní dhéanadh an forchur frithpháirteach smachtbhannaí ach damáiste do ghnónna agus do shaoránaigh ar dhá thaobh an Atlantaigh, agus dhéanfaí díobháil don trádáil dhomhanda agus do thionscal na n-aerárthaí ar bhonn níos leithne ag tráth íogair. I mí Iúil 2019, rinne AE tograí nithiúla a roinnt leis na Stáit Aontaithe do chóras nua i ndáil le fóirdheontais aerárthaí agus bealach chun cinn maidir leis na hoibleagáidí comhlíontacha atá ann faoi láthair ar an dá thaobh.

In ainneoin na reitriche, is ionann fós geilleagair AE agus na Stát Aontaithe le chéile agus beagnach 50% den olltáirgeacht intíre (OTI) dhomhanda agus aon trian den trádáil dhomhanda.

Ba iad na Stáit Aontaithe ceann scríbe príomha onnmhairí AE in 2019, lenar ionsúdh 18% d'earraí onnmhairithe AE san iomlán (i gcomparáid le 9.3% i gcás na Síne). Rangáíodh na Stáit Aontaithe sa dara háit i measc chomhpháirtithe allmhairithe AE, ach fós rinne siad 12% d'earraí allmhairithe AE a sholáthar.

Trádáil in earraí AE-na Stát Aontaithe 2017-2019 (EUR billiún)

Bliain	Allmhairí earraí AE ó na Stáit Aontaithe	Onnmhairí earraí AE chuig na Stáit Aontaithe	Iomlán AE (earraí)
2017	203.3	324.2	+ 120.9
2018	213.3	351.2	+ 120.9
2019	232.0	384.4	+ 152.4

Foinse: An Coimisiún Eorpach, AS TRADE

Is iad na Stáit Aontaithe an príomhchomhpháirtí atá ag AE i gcás trádáil idirnáisiúnta i seirbhísí. In 2016, b'ionann a dtrádáil i seirbhísí agus 36% d'onnmhairí AE san iomlán agus 31% d'allmhairí seirbhísí AE. In 2016, tháinig cúlú faoin bhfás seasta ar onnmhairí seirbhísí AE chuig na Stáit Aontaithe agus — tar éis cúig bliana as a chéile de bharrachas — bhí easnamh anois ann i gcomhardú na trádála leis na Stáit Aontaithe.



Tháinig ardú ar onnmhairí seirbhísí AE chuig na Stáit Aontaithe idir 2015 agus 2017, mar a bhí amhlaidh lena allmhairí seirbhísí ó na Stáit Aontaithe. In 2016, áfach, tháinig laghdú ar onnmhairí seirbhísí AE agus tháinig as sin barrachas trádála i seirbhísí na Stát Aontaithe le AE, arbh ionann é agus EUR 2 8 billiún, agus as an laghdú a tháinig ar onnmhairí seirbhísí na Stát Aontaithe in 2017, lean barrachas i seirbhísí AE leis na Stáit Aontaithe arbh ionann é agus EUR 12 5 billiún.

Trádáil i seirbhísí AE-na Stát Aontaithe 2016-2018 (EUR billiún)

Bliain	Allmhairí seirbhísí AE ó na Stáit Aontaithe	Onnmhairí seirbhísí AE chuig na Stáit Aontaithe	Iarmhéid AE (seirbhísí)
2016	192.5	160.0	- 32.5
2017	194.7	172.8	- 21.9
2018	196.2	179.4	- 16.8

Foinse: An Coimisiún Eorpach, AS TRADE

Is iad AE agus na Stáit Aontaithe infheisteoirí is mó a chéile, ach in 2016 agus in 2017, bhí roinnt míbhuntáistí ann. Sa dá bhliain sin, bhí insreabhadh infheistíochta na Stát Aontaithe isteach san Aontas diúltach, agus laghdú comhfhreagrach ann i stoic isteach na Stát Aontaithe isteach san Aontas, cé gur tháinig ardú ar eis-sreabhadh AE isteach sna Stáit Aontaithe in 2017, tar éis laghdú de bheagán in 2016. De thoradh air sin, rinneadh iarmhéid stoic dearfach AE a fheabhsú tuilleadh, arbh ionann é agus EUR 375.4 billiún in 2018. D'fhéadfaí a áiteamh gurb í an infheistíocht dhíreach dhéthaobhach — ar tiomantas fadtéarmach í de réir a comhdhéanamh — an spreagadh do chaidreamh tráchtála trasatlantach. Déantar treisiú air sin de bharr gurb ionann an trádáil idir máthairchuideachtaí agus fiontair chleamhnaithe in AE agus sna Stáit Aontaithe agus níos mó ná aon trian den trádáil thrasatlantach ina hiomláine. Léirítear sna meastacháin go ndéanann cuideachtaí AE agus na Stát Aontaithe atá ag feidhmiú ar chríocha a chéile poist a chur ar fáil do níos mó ná 14 mhilliún duine.

Stoic infheistíochta dhéthaobhacha AE-na Stát Aontaithe (EUR billiún)

Bliain	Stoic FDI na Stát Aontaithe in AE	Stoic FDI AE sna Stáit Aontaithe	Iarmhéid
2018	1 806.0	2 181.4	+ 375.4

Foinse: An Coimisiún Eorpach, AS TRADE

IDIRPHLÉ POLAITIÚIL AE-CHEANADA

Tá Ceanada ar cheann de na comhpháirtithe is sine agus is dlúithe dá bhfuil ag an Aontas Eorpach. Rinneadh an comhar idir AE agus Ceanada a neartú go mór le blianta beaga anuas, ar comhar é atá bunaithe ar luachanna comhroinnte, ar stair fhada dhlúthchomhair agus ar naisc láidre idir daoine.

Cuireadh tús le caidreamh déthaobhach sna 1950í ar bhonn eacnamaíoch agus rinneadh dlúth-chomhpháirtíocht straitéiseach a fhorbairt as an gcaidreamh sin ó shin i



leith. Saothraíonn AE agus Ceanada go dlúth le chéile ar dhúshláin dhomhanda amhail an comhshaol, an t-athrú aeráide, slándáil fuinnimh agus cobhsaíocht réigiúnach agus is dlúthpháirtithe iad freisin i gcomhthéacs G7 agus G20. Rannpháirtí rialta is ea Ceanada le [misin Chomhbheartas Slándála agus Cosanta AE](#) (amhail na misin sin san Iaráic, i Mailí, san Úcráin agus sna críocha Palaistíneacha) agus bhí sé rannpháirteach i 20 [misin bhreathnóireachta AE um toghcháin](#) ó 2005 i leith.

Comhaontú polaitiúil cuimsitheach is ea an [Comhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí idir AE agus Ceanada](#) (SPA), a tháinig in ionad [Chreat-Chomhaontú 1976](#), atá dírithe ar neartú a dhéanamh ar an [gcomhar déthaobhach i roinnt réimsí beartais eachtraigh agus réimsí earnalácha](#), lena n-áirítear an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta, frithsceimhlitheoireacht, bainistiú géarchéime, slándáil mhuirí, rialachas domhanda, fuinneamh, iompar, taighde agus forbairt, an tsláinte, an comhshaol agus an t-athrú aeráide agus an tArtach.

Shínigh AE agus Ceanada an SPA an 30 Deireadh Fómhair 2016, ag Cruinniú Mullaigh AE-Cheanada agus fuair sé tacaíocht na Parlaiminte i mí Feabhra 2017. Tá comhpháirteanna móra den chomhaontú i bhfeidhm go sealadach ón 1 Aibreán 2017. Déanfar an SPA a chur i bhfeidhm go hiomlán tar éis a [dhaingnithe sna Ballstáit uile](#). Chun éascú a dhéanamh ar an gcomhar sa chomhthéacs sin, rinneadh roinnt institiúidí comhpháirteacha a chur ar bun agus táthar i mbun dianidirphlé ar leibhéal an státseirbhísigh agus ar an leibhéal aireachta. Rinneadh an [Cruinniú Ceannairí](#) is déanaí idir Príomh-Aire Cheanada agus Uachtaráin na Comhairle Eorpaí agus an Choimisiúin Eorpaigh a thionól go fóruil an 29 Deireadh Fómhair 2020.

IDIRPHLÉ IDIRPHARLAIMINTEACH

Le breis agus 40 bliain, tá Feisirí de Pharlaimint na hEorpa agus a gcomhpháirtithe as Ceanada ag teacht le chéile ar bhonn bliantúil i gCruinnithe Idirpharlaiminteacha (IPManna), lena ndéantar a n-ionaid a mhalartú idir AE agus Ceanada, chun forbairtí polaitiúla i gCeanada agus in AE a phlé agus tuairimí a mhalartú maidir le saincheisteanna ar ábhar leasa fhrithpháirtigh iad amhail trádáil, an t-athrú aeráide agus an imirce. Tagann an [Toscaireacht don Chaidreamh le Ceanada](#) de chuid na Parlaiminte (atá comhdhéanta de FPEnna in IPM) le chéile go rialta ar feadh na bliana chun na cruinnithe idirpharlaiminteach sin a ullmhú. Agus forbairt á déanamh ar an gComhaontú, ghlac an 38ú IPM [ráiteas comhpháirteach](#) inar gheall an dá pharlaimint go ndéanfaí idirphlé leanúnach den IPM trí chruinnithe rialta breise agus chomhaontaigh siad go ngníomhódh sé mar chontrapháirt do na comhlachtaí eile arna mbunú faoi SPA. Tionóladh an [40ú IPM](#) in Strasbourg i mí an Mhárta 2019.

CAIDREAMH EACNAMAÍOCH AE-CHEANADA

Is é an [Comhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála](#) (CETA) an toradh atá ar fhorbairtí dearfacha i gcaidreamh trádála AE-Cheanada a cuireadh i gcrích le deich mbliana anuas. Rinneadh an caidreamh eacnamaíoch, trádála agus infheistíochta idir AE agus Ceanada a fheabhsú go mór leis an gcomhaontú, lenar osclaíodh na margáí d'earraí, do sheirbhísí agus d'infheistíochtaí a chéile, lena n-áirítear soláthar poiblí. Cruthaíodh freisin deiseanna d'fhás inbhuanaithe agus léiríodh luachanna comhroinnte



le CETA trína Chaibidil maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe agus a [raon leathan idirphléití](#), lena n-áirítear a fhóram rialta ar an tsochaí shibhialta.

Síníodh an téacs ag Cruinniú Mullaigh AE-Cheanada an 30 Deireadh Fómhair 2016 agus thug an Pharlaimint a toiliú ina leith an 15 Feabhra 2017. Cuireadh tús le cur i bhfeidhm sealadach na gcomhpháirteanna a thagann faoi inniúlacht AE an 21 Meán Fómhair 2017. Déanfar CETA a chur i bhfeidhm go hiomlán tar éis a dhaingnithe sna Ballstáit uile. I mí an Mheithimh 2020, bhí [Lucsamburg](#) ar an 14ú Ballstát a dhaingnigh an comhaontú.

Is é an CETA an chéad chomhaontú eacnamaíoch déthaobhach de chuid AE chun Córas Cúirte Infheistíochta (ICS) a ionchorprú ann le haghaidh díospóidí infheistíochta idir infheisteoirí agus stáit a réiteach. De bharr a chineáil nuálaigh agus ós nach bhfuil díospóireacht phoiblí ina leith tugtha chun críche i go leor tíortha, beidh an ICS lasmuigh de raon feidhme chur i bhfeidhm sealadach CETA. Thairis sin, tá ráiteas soiléir in CETA maidir leis an gceart atá ag rialtais rialú a dhéanamh chun críoch poiblí maidir leis an tsláinte phoiblí, sábháilteacht, an comhshaol, moráltacht phoiblí agus cosaint shóisialta agus cosaint do thomhaltóirí.

Le linn na chéad bhliana den chur chun feidhme, tháinig [ardú foriomlán 7% ar onnmhairí chuig Ceanada](#), agus figiúirí níos airde ná sin i gcás innealra, cógaisíocht agus táirgí talmhaíochta.

Tá Ceanada agus AE araon buailte ag taraifí nua na Stát Aontaithe ar chruach agus alúmanam agus tá siad ar aon fhocal nach bhfuil bunús cuí leis na taraifí ó thaobh cúrsaí eacnamaíocha de agus nach bhfuil siad ag luí le rialacha EDT. Mar thoradh air sin, rinne AE agus Ceanada, in éineacht le cosantóirí eile ar an ord trádála atá bunaithe ar rialacha, dlús a chur lena n-idirphlé ar shaincheisteanna trádála.

In 2019, bhí AE ar an tríú comhpháirtí trádála is mó a bhí ag Ceanada i ndiaidh na Stát Aontaithe agus na Síne, arbh ionann an trádáil a rinne sé leis agus 8.1% d'earraí comhcheangailte onnmhairithe agus allmhairithe Ceanada san iomlán. In 2019, rinne AE earraí dar luach EUR 38.3 billiún a onnmhairiú chuig Ceanada agus rinne sé earraí Ceanada arbh ionann iad agus EUR 20.2 billiún a ionsú. Rangaíodh Ceanada sa 12ú háit i measc chomhpháirtithe trádála idirnáisiúnta AE in 2019. Tá innealra, táirgí mianracha, trealamh iompair agus ceimiceáin i measc na bpríomhearraí a thrádáiltear idir an dá chomhpháirtí.

Trádáil in earraí AE-Cheanada 2017-2019 (EUR billiún)

Bliain	Allmhairí earraí AE ó Ceanada	Onnmhairí earraí AE chuig Ceanada	Iomlán AE (earraí)
2017	18.2	32.2	+ 14.0
2018	19.5	35.2	+ 15.7
2019	20.7	38.3	+17.6

Foinse: An Coimisiún Eorpach, AS TRADE

Tá trádáil i seirbhísí ina chuid thábhachtach de chaidreamh trádála AE-Cheanada. In 2018, tháinig ardú go EUR 19.6 billiún ar luach onnmhairí seirbhísí AE chuig Ceanada,



agus tháinig ardú go EUR 13.2 billiún ar allmhairí seirbhísí AE as Ceanada. Roinnt samplaí de na seirbhísí a thrádáiltear go minic idir AE agus Ceanada is ea seirbhísí iompair, seirbhísí taistil agus seirbhísí cumarsáide.

Trádáil i seirbhísí AE-Cheanada 2016-2018 (EUR billiún)

Bliain	Allmhairí seirbhísí AE ó Ceanada	Onnmhairí seirbhísí AE chuig Ceanada	Iarmhéid AE (seirbhísí)
2016	10.2	15.6	+ 5.4
2017	11.3	16.9	+ 5.6
2018	13.5	19.6	+5.9

Foinse: An Coimisiún Eorpach, AS TRADE

Ó thaobh infheistíocht dhíreach choigríche (IDC) de, tá méideanna na n-infheistíochtaí atá déanta ag AE agus Ceanada i ngeilleagair a chéile beagnach ar chomhchéim. In 2018, b'ionann stoic amach IDC AE i gCeanada agus EUR 392.2 billiún. B'fhiú EUR 397.3 billiún stoic Ceanada in AE.

Stoic infheistíochta dhéthaobhacha AE-Cheanada (EUR billiún)

Bliain	Stoic FDI Ceanada in AE	Stoic FDI AE i gCeanada	Iarmhéid
2018	397.3	392.2	-5.1

Foinse: An Coimisiún Eorpach, AS TRADE

Tuula Turunen / Leon Peijnenburg
12/2020

